



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

An Ardteistiméireacht 2016

**Aistriúchán
Ar Scéim Mharcála**

Fisic agus Ceimic

Ardleibhéal

Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phársa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis foilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

Scéimeanna Marcála san am atá le teacht

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Treoirlínte Ginearálta

Ba chóir na pointí seo a leanas a thabhairt chun aire i ndáil leis an scéim mharcála seo.

1. I gcásanna go leor, ní luaitear ach na focail bhuntábhachta, focail nach mór iad a bheith ina gcomhthéacs ceart i bhfreagra an iarrthóra go ngnóthófaí na marcanna a luaitear leo.
2. Is ionann na marcanna a luaitear idir lúibíní agus na marcanna a bhronntar ar fhreagraí neamhiomlána faoi mar a shonraítear sa scéim.
3. Is focail, leaganacha nó ráitis atá ina malairtí ar a chéile iad sin a bhfuil soladas, /, eatarthu agus tá an glacadh céanna leo araon.
4. Freagraí a dheighealtar óna chéile le soladas dúbailte, //, is freagraí iad sin atá comheisiach. Ní féidir freagra neamhiomlán ó thaobh amháin den // a thabhairt san áireamh le freagra neamhiomlán ón taobh eile.
5. Níl na tuairiscí, modhanna ná sainmhínte a thugtar sa scéim uileghabhálach agus is féidir glacadh le freagraí malartacha bailí eile. Is féidir marcanna i ndáil le cur síos a ghnóthú as léaráid oiriúnach, ag brath ar an gcomhthéacs.
6. Sa chás go luaitear sin, baintear aon mharc amháin i ndáil leis na haonaid mhíchearta a úsáid nó gan aon aonad a lua.
7. Gach uair dá dtarlaíonn botún uimhríochta sa ríomh, baintear aon mharc amháin.
8. D'fhéadfaí cealú a dhéanamh nuair a thugann iarrthóir liosta de fhreagraí cearta agus míchearta.
9. Is de réir chomhthéacs na ceiste agus an chaoi a gcuirtear í agus an líon marcanna a chuirtear i leith an fhreagra ar an scrúdpháipéar a shocraítear an leibhéal mioneolais atá de dhíth le ceist ar bith. Tharlódh dá bhrí sin go mbeadh athrú ó bhliain go bliain i gcás ar bith faoi leith.
10. Tabharfar marcanna bónais ag ráta 10% de na marcanna a ghnóthaítear d'iarrthóir a fhreagraíonn na ceisteanna go léir trí Ghaeilge agus a ghnóthaíonn níos lú ná 75% de na marcanna iomlána. Agus an bónas sin á ríomh stántar síos, ní suas, deachúlacha i gcónaí, m.sh. athraíonn 4.5 go 4; athraíonn 4.9 go 4, etc. Baineann an tábla bónais a thugtar ar an gcéad leathanach eile le hiarrthóirí a fhreagraíonn na ceisteanna go léir trí Ghaeilge agus a ghnóthaíonn níos lú ná 75% de na marcanna iomlána.

Leathanach Bán



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

400@10%

Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna don scrúdú. Ba chóir freisin an marc bónais sin a **shlánú síos**.

Tábla 400 @ 10%

Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a bhfuil 400 marc san iomlán ag gabháil leo agus inarb é 10% gnáthráta an bhónais.

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás 300 marc agus faoina bhun sin. Os cionn an mharc sin, féach an tábla thíos.

Bunmharc	Marc Bónais
301 - 303	29
304 - 306	28
307 - 310	27
311 - 313	26
314 - 316	25
317 - 320	24
321 - 323	23
324 - 326	22
327 - 330	21
331 - 333	20
334 - 336	19
337 - 340	18
341 - 343	17
344 - 346	16
347 - 350	15

Bunmharc	Marc Bónais
351 - 353	14
354 - 356	13
357 - 360	12
361 - 363	11
364 - 366	10
367 - 370	9
371 - 373	8
374 - 376	7
377 - 380	6
381 - 383	5
384 - 386	4
387 - 390	3
391 - 393	2
394 - 396	1
397 - 400	0

Ceist 1**Aon mhír déag ar bith****11×6****(a) Déan idirdhealú idir luas agus treoluas.****2×3**scálach is ea luas / is ionann luas agus an fad a thaistilítear sa soicind / $\text{luas} = \text{fad} \div \text{am}$ /

is ionann luas agus an ráta athraithe faid

...3

veicteoir is ea treoluas / is éard is treoluas ann fad sa soicind i dtreo áirithe /

treoluas = $\text{fad} \div \text{am}$ i dtreo áirithe / is ionann treoluas agus an ráta athraithe díláithriúcháin

...3

(b) Luaigh airí an choirp de mhais m atá ag gluaiseacht ar threoluas v agus a shainmhínítear le**(i) mv , (ii) $\frac{1}{2}mv^2$.****2×3**

(i) móiminteam

...3

(ii) fuinneamh cinéiteach

...3

[ceadaigh 1 marc as fuinneamh i (ii)]

(c) Bhí mais A ag gluaiseacht ar 20 m s^{-1} agus d'imbhuail sí le B, mais chónaitheach 3 kg.**Tar éis an imbhuailte ghluais an dá rud le chéile ar threoluas 8 m s^{-1} . Cén mhais a bhí in A?****2×3** $m_1u_1 + m_2u_2 = m_1v_1 + m_2v_2 / m(20) + 3(0) = (m + 3)8 / m(20) + 3(0) = m(8) + 3(8)$

...3

 $m(20) = m(8) + 24 \Rightarrow 12m = 24 \Rightarrow m = 2 \text{ (kg)}$

...3

(d) Sainmhínigh an t-aonad fuinnimh, i.e. an giúl.**2×3**

an obair a dhéantar nuair a bhogann fórsa 1 niútain amháin

...3

a phointe feidhme 1 m i dtreo an fhórsa

...3

[Ceadaigh 5 mharc as $1 \text{ J} = 1 \text{ N m}$.]

['i dtreo an fhórsa' fágtha ar lár (-1)]

(e) Cuirtear biorán 15 cm ó scáthán cuasach d'fhad fócasach 10 cm.**Cén fad ón scáthán a gcruthaítear an íomhá?****2×3**

$$\frac{1}{f} = \frac{1}{u} + \frac{1}{v} / \frac{1}{10} = \frac{1}{15} + \frac{1}{v} \Rightarrow \frac{1}{v} = \frac{1}{30}$$

...3

 $(v =) 30 \text{ (cm)}$

...3

(f) Roghnaigh as an liosta thíos an saghas radaíochta leictreamaighnéadaí ina bhfuil**(i) an tonnfhad is faide, (ii) fótóin leis an fuinneamh is mó.**

gáma-ghathanna micreathonnta gathanna ultraivialait x-ghathanna

2×3

(i) micreathonnta

...3

(ii) gáma-ghathanna

...3

(g) Ainmnigh feiniméan solais nach féidir a mhíniú ach amháin i dtéarmaí a thonn-nádúir.**6**

díraonachán, trasnaíocht, polarú, etc

...6

(h) Cén t-airí teirmiméadrach a úsáidtear iontu seo:**(i) teirmiméadar leachta i ngloine,****(ii) gásteirmiméadar toirt-tairiseach?****4, 2**

(i) airde / toirt / fad //

(ii) brú

an chead fhreagra ceart...4, an dara freagra ceart...2

(i) Cad iad an dá pointe fosaithe (na teochta tagartha) ar scála teochta Kelvin?**4, 2**0 K / dearbhniailas / $-273.15 \text{ }^\circ\text{C}$ //273.16 K / tríphointe uisce / $0.01 \text{ }^\circ\text{C}$

an chead fhreagra ceart...4, an dara freagra ceart...2

(j) Breac síos dlí Coulomb um fhórsa idir luchtanna leictreacha 2×3
 tá an fórsa idir dhá phonclucht i gcomhréir dhíreach le toradh a luchtanna ...3
 agus i gcomhréir contrártha le cearnú an fhaid eatarthu ...3

nó

$$F = k \frac{Q_1 Q_2}{d^2} / F \propto \frac{Q_1 Q_2}{d^2} \quad \dots 3$$

mínigh na téarmaí ar fad ...3

[toradh fágtha ar lár ...(-1)] [suim seachas toradh...(-3)] [cearnú fágtha ar lár...(-3)]

(k) Ríomh toilleas éifeachtach leagan amach na dtoilleoirí a thaispeántar i bhFíor 1. 2×3

$$1 + 1 = 2 \text{ (}\mu\text{F)} \quad \dots 3$$

$$\left(\frac{1}{C} = \frac{1}{C_1} + \frac{1}{C_2}\right) / \frac{1}{C} = \frac{1}{4} + \frac{1}{2} \Rightarrow \frac{1}{C} = \frac{3}{4} = 0.75 \Rightarrow C = 1.333 \text{ nó } \frac{4}{3} \mu\text{F} \quad \dots 3$$

[ní dhéantar inbhéartú...(-1)]

[Ceadaiigh 6 (μF) ...3]

(l) I bhFíor 2, taispeántar riail na ciotóige de chuid Fleming, don fhórsa ar sheoltóir a iompraíonn sruth i réimse maighnéadach. Má chuireann an mhéar thosaigh treo an réimse mhaighnéadaigh in iúl, cén chainníocht a léirítear le saighead (i) X, (ii) Y? 2×3

(i) fórsa / gluaiseacht ...3

(ii) sruth ...3

[aisiompaithe...3]

(m) Mínigh cén fáth a ndéanann croíleacán claochladáin, mar an ceann a thaispeántar i bhFíor 3, fuinneamh a imchoimeád

(i) nuair a bhíonn sé déanta as iarann bog,

(ii) nuair a bhíonn sé lannach. 2×3

(i) níos éasca an croíleacán a mhaighnéadú agus a dhímhaighnéadú / seachnaítear caillteanais histéiréiseacha ...3

(ii) laghdaítear sruthanna guairneáin ...3

[ceadaigh (3) as ‘caillteanas teasa a laghdú’ ach uair amháin ar a mhéad]

(n) Nuair a theilgtear alfa-cháithnín agus béite-cháithnín ón bpointe tosaigh céanna, ar an treoluas céanna, isteach sa réimse maighnéadach céanna, déantar iad araon a shraonadh ar chonairí ciorclacha. Breac síos dhá shlí ina mbíonn a sraontaí difriúil le chéile. 2×3

is mó an sraonadh i gcás béite-cháithníní / is mó an ga (sraonaidh) i gcás béite-cháithníní ...3

tá an sraonadh ar mhalairt treo ...3

(o) Is é an caillteanas maise in imoibriú núicléach ná 1.6×10^{-29} kg. Cé mhéad fuinnimh a scaoiltear san imoibriú? 4, 2

$$E = mc^2 \quad \dots 4$$

$$E = 1.6 \times 10^{-29} \times (3 \times 10^8)^2 = 1.44 \times 10^{-12} \text{ (J)} \quad \dots 2$$

Ceist 2

(a) Sainmhínigh

(i) mais,

(i) an méid ábhair i rud / tomhas friotaíochta le gluaisne / tomhas táimhe ...4

(ii) meáchan.

(ii) fórsa domhantarraingthe ar rud / mais \times luasghéarú de bharr domhantarraingthe ...4

Rangaigh gach ceann de na cainníochtaí seo mar veicteoir nó mar scálach.

is scálach é mais ...2

is veicteoir é meáchan ...2

(b) Rinne mac léinn in Éirinn turgnaimh chun an luasghéarú de bharr na domhantarraingthe, g , ar dhromchla an Domhain, a thomhas.

(i) Tarraing léaráid lipéadaithe de ghairias oiriúnach.

sreang, mirleán // liathróid, comhla thógála // réad saorthitime ar bith e.g. cárta ualaithe ...3

pointe crochta, corc scoilte // leictreamaighnéad / uaineadóir // geata(i) solais ...3

lipéid ...3

(ii) Cén dá shraith tomhas ba chóir don mhac léinn a dhéanamh agus an gairias seo á úsáid?

4, 2

fad an luascadáin, l // an fad ón leictreamaighnéad go dtí an chomhla thógála, s nó l nó d //

an fad idir na geataí solais, s nó l nó d

am ascalaithe (amháin), T // am titime, t // t_1 agus t_2 (agus treoluas deiridh dá réir sin, v)

[ceadaigh marc ar l , s nó d má tharraingítear nó má léirítear ar an léaráid iad]

an chead fhreagra ceart...4, an dara freagra ceart...2

Agus na sonraí a fuair sé á n-úsáid, tharraing an mac léinn líneghraf díreach oiriúnach tríd an mbunphointe.

(iii) Tarraing sceitse den ghráf seo agus na haiseanna á lipéadú i gceart agat.

2 \times 3

cearnóg ama thréimhsiúla nó T^2 // T // fad saorthitime / s nó l nó d // treoluas deiridh cearnaithe / v^2 ...3

fad na sreinge / s nó l nó l // am titime cearnaithe / t^2 // fad tite ó fhos / s nó l nó d ...3

[aiseanna gan lipéad le líne dhíreach tríd an mbunphointe ...1]

(iv) Déan cur síos ar conas a ríomhadh g agus an graf á úsáid.

2 \times 3

$T = 2\pi \sqrt{\frac{l}{g}} / T^2 = 4\pi^2 \frac{l}{g} // s = \frac{1}{2} gt^2 // v^2 = 2gs //$ aimsigh fána m ...3

$g = \frac{4\pi^2}{m} / \sqrt{g} = \frac{2\pi}{m} // g = 2 \times m // g = \frac{1}{2} \times m$...3

[glac le $g = 4\pi^2 m / \sqrt{g} = 2\pi m // g = 2 \times 1 / m // g = \frac{1}{2} \times \frac{1}{m}$ má i gcomhreib leis an ngraf i (iii)]

(v) Rinne mac léinn sa Chéinia g a thomhas freisin. Féach Fíor 4. Tabhair do d'aire go bhfuil ga an Domhain ag pointe ar bith ar an Meánchiorcal níos mó ná a gha ag Éirinn.

Mínigh cén difríocht a mbeifeá ag súil leis go mbeadh ann idir an meánluach ar g a tomhaiseadh sa Chéinia agus an meánluach a tomhaiseadh in Éirinn.

2 \times 3

(g) níos lú (sa Chéinia) ...3

is lú an fórsa domhantarraingthe ag an meánchiorcal /

baineann g leis an bhfad idir an réad agus lár an domhain ...3

(c) I bhFíor 5, nach bhfuil tarraingthe de réir scála, taispeántar carr ag an bpointe P agus é ag taisteal go cothrománach ar 5 m s^{-1} . Ag P luasghéaraíonn sé ar 2.5 m s^{-2} ar feadh 8 s agus sroicheann sé treoluas v ag Q agus ansin leanann sé ar aghaidh ar an treoluas tairiseach seo ar feadh 20 s. Tugtar an carr chun fois ag R trí bhrú aonfhoirmeach ar na coscáin i gceann 30 s eile.

(i) Ríomh treoluas v an chairr tar éis na chéad 8 s.

2×4

$$v = u + at / v = 5 + 2.5(8)$$

...4

$$(v =) 25 \text{ m s}^{-1}$$

...4

[gan aonad ar bith nó aonad mícheart (-1)]

(ii) Tarraing, ar ghrafpháipéar, graf treoluis is ama chun gluaisne an chairr a léiriú ó P go dtí R .

3×3

aiseanna lipéadaithe i gceart agus scálaithe i gceart


...3

céim luasghéaraithe ceart

...3

treoluas seasmhach nó céim luasmhoillithe i gceart

...3



(iii) Faigh an fad a thaistil an carr ar threoluas tairiseach.

2×2

$$s = vt / \text{fad} = \text{treoluas} \times \text{am}$$

...2

$$25 \times 20 = 500 \text{ m}$$

...2

[gan aonad ar bith nó aonad mícheart (-1)]

Ceist 3**(a) Breac síos dlí Snell um athraonadh****2×3**

sín-uillinn ionsaithe // $\sin i$ // cóimheas sin-uillinne ionsaithe leis an tsín-uillinn athraonta // $\frac{\sin i}{\sin r}$...3

i gcomhréir leis an tsín-uillinn athraonta // $\propto \sin r$ // ina thairiseach nó comhionann leis an gcomhéifeacht athraonta nó le n nó le μ // ina thairiseach nó comhionann leis an gcomhéifeacht athraonta nó le n nó le μ ...3

(b) Sainmhínigh**(i) comhéifeacht athraonta,****2×3**

(i) $\frac{\sin i}{\sin r} // \frac{c_1}{c_2} // \frac{1}{\text{sinc}} // \frac{\text{RD}}{\text{AD}}$...3

mínigh i agus r // mínigh c_1 agus c_2 // mínigh C // mínigh RD = fiordhoimhneacht agus AD = doimhneacht dhealraitheach ...3

(ii) uillinn chriticiúil.**2×3**

(ii) an uillinn ionsaithe sa mheán is dlúithe ...3

inarb ionann an uillinn athraonta agus 90° ...3

[‘sa mheán is dlúithe’ fágtha ar lár... (-1)]

(c) Agus bloc gloine, ga de sholas bán agus uillinntomhas á n-úsáid, fuair mac léinn sonraí chun dlí Snell a fhíorú. Baineadh úsáid as na huillinneacha ionsaithe i a tomhaiseadh in aer agus na huillinneacha athraonta comhfhreagracha r chun an graf a thaispeántar i bhFíor 6 a fháil.

(i) Mínigh conas a fhóiríonn an graf dlí Snell.**2×3**

líne dhíreach ...3

tríd an mbunphointe ...3

(ii) Bain úsáid as an ngraf chun comhéifeacht athraonta an ngloine seo a fháil.**2×3**

$\frac{y_2 - y_1}{x_2 - x_1} = \frac{0.9}{0.5}$ (= fána an ghraif / comhéifeacht athraonta) ...3

(n nó μ) = 1.8 ...3

(iii) Faigh an uillinn athraonta atá comhfhreagrach d’uillinn ionsaithe (in aer) 35° .**3×3**

$\frac{\sin 35}{\sin r} = 1.8 // \sin 35 = 0.57$...3

$\sin r = \frac{\sin 35}{1.8} \Rightarrow \sin r = 0.3187 //$ ón ngraf, sin comhfhreagrach $r = 0.32$...3

$\sin^{-1} 0.32 = 18.6^\circ$...3

(iv) Ríomh uillinn chriticiúil na gloine seo.**3×3**

$\frac{1}{\text{sinc}} = 1.8$...3

$\text{sinc} = \frac{1}{1.8} \Rightarrow \text{sinc} = 0.5556$...3

$\sin^{-1} 0.5556 = 33.75^\circ$...3

(v) Ainmnigh an feiniméan a tharlaíonn nuair a bhuaileann ga solais teorainn na gloine/an aeir ar uillinn ionsaithe 40° .

3

frithchaitheamh inmheánach iomlán ...3

(d) Tá dhá lionsa dhronnacha, A agus B, ag teileascóp réalteolaíoch i *gcoigeartú normalach* agus iad leagtha amach mar atá i bhFíor 7. Tá fad fócasach 180 cm ag lionsa A. Is é an fad idir lárphointí A agus B ná 195 cm.

(i) Ainmnigh lionsa A agus lionsa B. 2×3
A = réadlionsa ...3
B = lionsa súilphíosa ...3

(ii) Cén fad ón lionsa A a gcruthaítear an chéad íomhá? 3
180 cm ...3
[gan aonad ar bith nó aonad mícheart (−1)]

(iii) Nuair atá an teileascóp i *gcoigeartú normalach*, cá gcruthaítear an íomhá dheiridh? 3
ag an éigríoch ...3

(iv) Cén fáth ar bhuntáiste é an teileascóp a bheith i *gcoigeartú normalach*? 3
seachnaítear tuirse shúl / na súile ar a suaimhneas ...3

Ceist 4

(a) Déan do mhachnamh ar mhais chinnte gáis ag teocht thairiseach.

Ainmnigh agus breac síos an dlí (A) a rialaíonn na hathruithe i mbrú an gháis seo de réir mar a athraíonn a thoirt.

dlí Boyle

an toirt atá i ngás (mais sheasta gáis) ag teocht thairiseach / brú (mais sheasta) gáis ag teocht thairiseach

3×3

...3

...3

...3

Déan cóip d'Fhíor 8 i do fhreagarleabhar agus lipéadaigh na haiseanna chun go léireoidh sí graf a fhíoraíonn dlí A.

2×3

brú // toirt

...3

$\frac{1}{\text{toirt}} // \frac{1}{\text{brú}}$

...3

[ní theastaíonn na haonaid ar na haiseanna]

(b) Déan do mhachnamh ar mhais chinnte gáis ag brú tairiseach.

Ainmnigh agus breac síos an dlí (B) a rialaíonn na hathruithe a tharlaíonn ina thoirt de réir mar a dhéantar an gás a théamh.

3×3

dlí Charles

...3

an toirt atá i ngás (mais sheasta gáis) ag brú tairiseach

...3

athraíonn sé go díreach i gcomhréir lena dhearbhteocht

...3

Déan cóip eile d'Fhíor 8 i do fhreagarleabhar agus lipéadaigh na haiseanna chun go léireoidh sí graf a fhíoraíonn dlí B anois.

2×3

toirt

...3

teocht i kelvin

...3

[gan aonad ar bith nó aonad mícheart ar an ais teochta ...(-1)]

(c) Déan idirdhealú idir fíorghás agus an gás idéalach.

5, 1

comhlíonann gás idéalach na gásdlíthe nó dlí Boyle nó foshuímh a ghabhann leis an teoiric chinéiteach

...5

ag gach teocht agus ag gach brú / faoi gach coinníoll (teochta agus brú)

...1

nó

ní chomhlíonann fíorghás na gásdlíthe nó dlí Boyle ná foshuímh a ghabhann leis an teoiric chinéiteach

...5

seachas ag teochtaí arda agus ag brúnna ísle

...1

Breac síos dhá bhonn tuisceana a bhaineann leis an teoiric chinéiteach a bhíonn fíor i gcónaí maidir leis an ngás idéalach ach nach mbíonn fíor maidir le fíorghás.

4, 2

níl aon fhórsaí aomtha ná fórsaí éarthacha idir cáithníní an gháis / imbhuailtí leaisteacha /

tá trastomhais na gcáithníní diomaibhseach i gcomparáid leis na faid eatarthu

an chead fhreagra ceart ...4, an dara freagra ceart...2

Cad iad na coinníollacha brú a bhíonn ann nuair is cosúla fíorghás leis an ngás idéalach?

3

(brú) íseal

...3

(d) Caithfidh boinn eitleáin feidhmiú i raon níos leithne teochta agus seasamh in aghaidh sagsanna difriúla struis i gcomparáid leis na boinn ar fheithiclí bóthair, e.g. an méadú tobann sa bhrú agus an t-eitleán ag tuirlingt, mar atá i bhFíor 9. Ar chúiseanna sábháilteachta, is minic a líontar boinn eitleáin le nítrigin in ionad aeir.

(i) Ríomh líon na móil de ghás nítrigine a líonann toirt 0.380 m^3 ag brú $1.60 \times 10^6 \text{ Pa}$ laistigh de bhonn eitleáin ar an talamh, áit a bhfuil teocht 295 K ann. 5, 2×3

$$PV = nRT$$

...5

$$1.6 \times 10^6 \times 0.38 = n \times 8.31 \times 295$$

...3

$$n = 248.016 = 248 \text{ (mól)}$$

...3

(ii) Ríomh an brú laistigh den bhonn seo ag airde mhór, áit a bhfuil teocht an gháis sa bhonn laghdaithe de $40 \text{ }^\circ\text{C}$ agus an toirt a líonann sé laghdaithe go dtí 0.350 m^3 . 2×3

...3

$$PV = nRT \Rightarrow P \times 0.35 = 248 \times 8.31 \times 255 / \frac{P_1 \times V_1}{T_1} = \frac{P_2 \times V_2}{T_2} / (\Rightarrow) \frac{1.6 \times 10^6 \times 0.38}{295} = \frac{P_2 \times 0.35}{255}$$

...3

$$P = 1.5 \times 10^6 \text{ Pa or N m}^{-2} / P_2 = 1.5 \times 10^6 \text{ Pa or N m}^{-2}$$

...3

[gan aonad ar bith nó aonad mícheart (-1)]

(iii) Conas a athraíonn treoluas na móilíní laistigh de bhonn an eitleáin de bharr an athraithe sna coinníollacha ó (i) go dtí (ii) thuas? Míneigh do fhreagra. 2×2

...2

níos moille

...2

teocht i gcomhréir le fuinneamh cinéiteach / laghdaíonn an fuinneamh cinéiteach de réir mar a laghdaíonn an teocht / méadaíonn an fuinneamh cinéiteach de réir mar a mhéadaíonn an teocht ...2

...2

Ceist 5**(a) Sainmhíneadh difríocht poitéinsil leictreach (V) idir dhá phointe.****2×3**

an obair a dhéantar (in aghaidh an réimse leictreach)

...3

chun lucht aonaid nó lucht aon chúlóim amháin a bhogadh ó phointe amháin go pointe eile

...3

nó

$$V = \frac{W}{q}$$

...3

 V , W , q mínithe

...3

Cad é an t-aonad SI do dhifríocht poitéinsil?**3**

volta / V

...3

(b) I dturgnamh, tomhaiseadh an difríocht poitéinsil V trasna fhad 0.5 m de shreang niocróim de thrastomhas cothrom, a coinníodh ag teocht thairiseach, i gcás luachanna difriúla ar an sruth I atá ag sreabhadh sa tsreang. Fuarthas na sonraí seo a leanas.

I (A)	0.5	1.0	2.0	2.5	3.0	3.5	4.5
V (aonaid)	0.71	1.43	2.86	3.57	4.29	5.01	6.43

(i) Tarraing léaráid lipéadaithe de chiorcad leictreach oiriúnach chun na tomhais seo a fháil.**3×3**

voltmhéadar trasna sreinge nó friotóra nó i dtreocheangal leis

...3

aimpmhéadar nó miollaimpmhéadar nó galbhánaiméadar i sraithcheangal le sreang nó le friotóir

...3

modh chun an voltas a athrú sa chiorcad nó foinsí cumhachta éagsúla a úsáid

...3

(ii) Tarraing graf de dhifríocht poitéinsil V (y-ais) in aghaidh srutha I .**4×3**

aiseanna lipéadaithe i gceart le cainníocht nó le haonad

...3

aiseanna scálaithe i gceart


...3

pointí breactha i gceart

...3

líne dhíreach tríd an mbunphointe

...3

**(iii) Breac síos agus ainmnigh an dlí atá fíoraithe ag do ghraf.****3×3**

tá an difríocht poitéinsil nó an voltas trasna friotóra i gcomhréir leis

...3

an sruth ag sreabhadh nuair atá an teocht thairiseach

...3

dlí Ohm

...3

(iv) Bain úsáid as do ghraf chun an difríocht poitéinsil a fháil a ligeann do shruth 1.8 A sreabhadh. 2.55 – 2.6 (V nó aonaid)	<u>6</u>
[(-1) i gcás léamh mícheart an ghraif]	...6
(v) Faigh fána m do ghraf.	<u>2×3</u>
$\frac{y_2 - y_1}{x_2 - x_1} = \frac{5.72}{4.0}$...3
$(m =) 1.43$...3
Cén t-airí de chuid na sreinge a thugtar le m?	<u>3</u>
friotaíocht	...3
(vi) Cén t-athrú ar luach m a mbeifeá ag súil leis dá n-úsáidfi fad 1.0 m den tsreang niocróim chéanna in ionad an 0.5 m?	<u>3</u>
dúblaítear m / éiríonn m níos mó	...3
Cosain do freagra.	<u>3</u>
méadaítear an fhriotaíocht de réir mar a mhéadaítear fad an tseoltóra / tá an fhriotaíocht i gcomhréir leis an bhfad / $R = \frac{\rho l}{A} / R \propto l$...3
Mínigh cén fáth a n-úsáidtear voltas ard chun leictreachas a tharchur ar feadh achair fhada.	<u>6</u>
an sruth a choinneáil íseal / cailteanas teasa (de bharr friotaíochta) a laghdú [ceadaigh costais a laghdú, tá sé níos saoire, etc ...3]	...6

Ceist 6

Freagair dhá chuid ar bith.

Ceist 6(a)

Sainmhíneadh

(i) fuinneamh poitéinsiúil

fuinneamh de bharr seasaimh nó reachta / mgh

[míniú ar m , g , h fágtha ar lár (-1)]

3
...3

(ii) obair.

toradh fórsa agus díláithrithe nó faid (líne díri) / arna dhéanamh nuair a bhogann fórsa réad / arna dhéanamh nuair a bhogann fórsa a phointe feidhme / $(W) = F \times s$

[míniú ar F , s fágtha ar lár (-1)]

3
...3

Bhí ardtumadóireacht ar siúl den chéad uair i gCraobhchomórtais Uiscíochta an Domhain i mBarcelona sa bhliain 2013. Tumann na fir ó ardán atá 27 m ar airde agus tumann na mná ó ardán atá 20 m ar airde, mar a thaispeántar i bhFíor 10.

Ríomh

(iii) an t-athrú i bhfuinneamh poitéinsiúil tumadóra de mhais 65 kg, ón meandar a d'fhág sé an t-ardán a bhí 27 m ar airde go dtí go ndeachaigh sé isteach san uisce, tar éis dó titim díreach síos,

$(E_p =) mgh =$

$65 \times 9.8 \times 27 = 17199 \text{ J}$

[gan aonad ar bith nó aonad mícheart (-1)]

2×3
...3
...3

(iv) treoluas ceartingearach an tumadóra díreach sula ndeachaigh sé isteach san uisce,

$(E_p = E_k =) 17199 \text{ J} = \frac{1}{2} mv^2 / v^2 = u^2 + 2as$

$\frac{2 \times 17199}{65} = v^2 / v^2 = 2 \times 9.8 \times 27$

$v = \sqrt{529.2} = 23 \text{ m s}^{-1}$

3×3
...3
...3
...3

(v) an t-am a thóg sé chun titim 27 m.

$v = u + at / 23 = 0 + 9.8 t / s = ut + \frac{1}{2} at^2 / 27 = \frac{1}{2} (9.8)t^2$

$(t =) 2.35 \text{ s}$

[gan aonad ar bith nó aonad mícheart (-1)]

2×3
...3
...3

Ar dtéann mais an tumadóra i bhfeidhm ar a threoluas deiridh sula dtéann sé isteach san uisce?

Mínigh do fhreagra.

gan aon tionchar

bíonn gach réad ag luasghéarú de bharr domhantarraingthe ar an ráta céanna (beag beann ar a mais)

2×3
...3
...3

Ceist 6(b)



Cén feiniméan a shainmhínítear mar *leathadh tonnta isteach i scáth geoiméadrach bacainne?* díraonadh

3
...3

Léiríonn Fíor 11 tonnta A agus B ag teacht i dtreo bearnaí atá ar comhleithead.

Cóipeáil agus críochnaigh an léaráid i do fhreagarleabhar chun na tonnta a thaispeáint tar éis dóibh dul trí na bearnaí.

3×3



léirítear díraonadh (leathadh sa scáth geoiméadrach)
díraonadh breise le tonnfhad níos lú don bhearna chéanna

...2×3
...3

Thit solas monacrómatach ar pháire de scoiltíní Young a bhí 0.02 mm óna chéile agus tháirg sé patrún trasnaíochta ar scáileán. Rinne an dara frainse geal uillinn 3.7° leis an normal.

Ríomh

(i) tonnfhad an tsolais,

3×3

$$n\lambda = d\sin\theta$$

...3

$$2 \times \lambda = 0.02 \times 10^{-3} \times \sin 3.7$$

...3

$$[\lambda = 6.45 \times 10^{-7} \text{ m nó } 645 \text{ nm}]$$

...3

[gan aonad ar bith nó aonad mícheart (-1)]

[freagra diúltach \Rightarrow úsáidtear raidiain in ionad céimeanna; (-1) agus cuir marcáil iarmhartach i bhfeidhm]

[$\lambda = 5.81 \times 10^{-7} \text{ m}$ nó 581 nm comhsheasmhach le húsáid grád in ionad céimeanna; (-1) agus cuir marcáil iarmhartach i bhfeidhm]

(ii) minicíocht an tsolais,

2×3

$$c = f\lambda / 3 \times 10^8 = f \times 6.45 \times 10^{-7}$$

...3

$$f = 4.65 \times 10^{14} \text{ Hz}$$

...3

[gan aonad ar bith nó aonad mícheart (-1)]

(iii) fuinneamh fótón solais den mhinicíocht seo.

2×3

$$E = hf$$

...3

$$E = 6.6260693 \times 10^{-34} \times 4.65 \times 10^{14} = 3.08 \times 10^{-19} \text{ J}$$

...3

[gan aonad ar bith nó aonad mícheart (-1)]

Ceist 6(c)**Breac síos trí iarmhairt ag sruth leictreach.****3×3**

teas

...3

maighnéadach

...3

ceimiceach

...3

